Baffle...Seoladh na Féile

***Geraldine Bane**, Bean a' tí na hoíche, **Margaret Hickey**, Cathaoirleach **'Baffle'**, **Micheál Ó Muircheartaigh** agus **Róisín Elsafty** ag seoladh **'Féile Baffle '08'** a bhéas ar siúl 24-26 Deireadh Fómhair.*

Bhí oíche mhór mhaith i mBaile Locha Riach le deireannas nuair a seoladh **Féile Baffle** na bliana.

Chuir an buíon ceoil *'The Fake McCoys'* as Fiacail, Co. an Chláir tús spleodrach leis an tráthnóna agus ceol breá bríomhar a chasadh acu idir cheol traidisiúnta, snagcheol, na goirmeacha is eile.

Chas **Róisín Elsafty** roinnt amháin fileata agus an lucht éisteachta curtha faoina draíocht aici lena glór binn séimh. Tugadh meas is ómós d'oidhreacht thraidisiún na filíochta agus amhráin grá canta aici mar *'Eleanor a Rúin'*. Léirigh sí bua na filíochta ina teaghlach féin agus í ag casadh *'An Phailistín'*, amhrán a chum a máthair féin, **Treasa Ní Cheannabháin**. Thóg sí croí an phobail léi nuair a chas sí *'Cúnla'* agus *'Cailleach an Airgid'*, amhrán náisiúnta Chonamara.

Ina dhiadh sin, tugadh ónóir na hoíche do **Mhicheál Ó Muircheartaigh** le **Féile Baffle '08** a sheoladh go hoifigiúil. Thóg sé an lucht éisteachta ar bhóithrín na smaointe agus é ag tagairt do théama filíochta na bliana: *'An Chéad Uair'*.

Roghnaíodh an téama seo i gcuimhne réamhchruinniú a bhí ag **Micheál Ó Cíosóg** i mBaile Locha Riach 15 Lúnasa 1884 agus é ag beartú **Cumann Lúthchleas Gael** a bhunadh. Rinneadh tagairt don thréimhse sin ar fad ag deireadh an 19ú haois ina raibh athbheochán cultúrtha sa tír agus **Conradh na Gaeilge** bunaithe i dtaca an ama céanna. Thagair sé don chéad chosc ar an fhilíocht agus an plé ar fad a bhí ag Droim Ceat, Co. Doire. Chuir sé síos ar an chéad cumann peile i gCo. Ciarraí agus é lonnaithe i gCill Órglain. Rinne sé tagairt don chéad glaoch gutháin ina raibh tuairisc tugtha ar chluiche peile... bhris sé a chroí a rá gur chiall Co. Ciarraí an uair sin chomh maith. Cinnte, choinnigh gach duine cluas maith le héisteacht leis an mhéid a bhí le rá ag an **Mhuircheartach** agus é ag seoladh **'Féile Baffle '08'** a bhéas ar siúl i mBaile Locha Riach, 24-26 Deireadh Fómhair.

I measc na himeachtaí gaelacha thar dheireadh na seachtaine, beidh **Simon Ó Faoláin** i láthair oíche Aoine le sliochtanna a léamh as a chnuasach filíochta *'Anam Mhadra'*. Tuigtear go mbeidh sé ag fanacht thar dheireadh na seachtaine agus cúraimí éagsúla bronnta air... mar mholtóir.

Beidh comórtas filíochta bunaithe ar an téama: *'An Chéad Uair'*. Caithfidh gach *'file'* a bheith i láthair lena s(h)aothar féin a léamh go poiblí agus níl cead dánta foilsithe a úsáid.

1ú Duais Greanfar ainm an bhuaiteora i dTornapa **'Baffle'** mar **'Bard Baffle 2008'** agus bronnfar €300 air/uirthi.

2ú Duais €200

3ú Duais €100

Bronnfar duais speisialta *'Rogha an Phobail'* chomh maith.

Mar aon leis an chomórtas thuasluaite, ta comórtas filíochta oscailte do mheánscoileanna in Oirthear na Gaillimhe leis

Is é seo an 12ú bliain as a chéile atá **féile Baffle** ar siúl agus a bhuíochas le **Foras na Gaeilge** tá fás is forbairt tagtha ar na gnéithe gaelacha san fhéile. *Má tá fiosrúcháin ag éinne fá na himeachtaí éagsúla nó má tá suim ag duine ar bith clárú don chomórtas filíochta, déan teagmháil le* www.bafflepoetry.org *nó glaoigh ar* **Margaret Hickey** *ag* ***086 3956921***.